# Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach
# Treoirlíne 3



## Athléimneacht Príomhbhonneagair

An Roinn Cosanta
Department of Defence

# CLÁR ÁBHAR


ACHOIMRE ........ iii

CUID A HAON ........ 1

- Réamhrá ........ 1
- Cúlra ........ 1
- Cuspóir ........ 5
- Cosaint agus Athléimneacht Bhonneagair: Comhthéacs an AE ........ 5
- Aistriú chuig Athléimneacht Phríomhbhonneagair ........ 6
- Athléimneacht Phríomhbhonneagair ........ 6
- Bonneagar Náisiúnta a Shainaithint ........ 9
- Criticiúlacht a thuiscint i bPríomhbhnneagar Náisiúnta na hÉireann ........ 9

CUID A DÓ ........ 10

- Príomhbhonneagar a Thuiscint agus a Shainaithint ........ 10
- Cén fáth a dtabharfaí faoi Mheastóireacht Chriticiúil? ........ 10
- Bonneagar agus an Scála Criticiúlachta a Chatagóiriú ........ 9

CUID A TRÍ ........ 6

- Athléimneacht ........ 6
- Bearta chun Athléimneacht Bhonneagair Criticiúil a Fheabhsú ........ 2
- Bainistíocht Riosca ........ 18
- Pleanáil ........ 19
- Slándáil ........ 19
- Pleanáil Leanúnachais Gnó ........ 20
- Infheistíocht ........ 21
- Spleáchas agus Idirspleáchas ........ 22
- Comhpháirtíocht ........ 22
- Faisnéis a Roinnt ........ 23

IARSCRÍBHINN A – SAMPLA DE SHAMHAIL SPLEÁCHAIS ........ 24

IARSCRÍBHINN B – SAMPLAÍ DE SPLEÁCHAS AGUS IDIRSPLEÁCHAS BONNEAGAIR ........ 25

IARSCRÍBHINN C - SCÓR CRITICIÚLACHTA - SAMPLA ........ 27

TÁBLA NA NACRAINMNEACHA ........ 28

LEABHARLIOSTA ........ 29

## Liosta na bhFíoracha

Fíor 1. Cúig Chéim chun an Príomhbhonneagar a mheasúnú....................10

Fíor 2. Saintréithe Athléimneacht Bhonneagair....................16

Fíor 3. Comhábhair Athléimneacht Bhonneagair....................17

Fíor 4. Bearta chun Athléimneacht a Fheabhsú....................18

Fíor 5. Míniú ar Spleáchas agus Idirspleáchas....................22

## Liosta na dTáblaí

Tábla 1. Sainmhínithe agus Téarmeolaíocht Bhunriachtanach....................2

Tábla 2. Earnálacha agus Fo-Earnálacha Bonneagair Náisiúnta....................6

Tábla 3. Scála Scóipe....................11

Tábla 4. Scála Tromchúise....................12

Tábla 5. Scála Ama....................14

Tábla 6. Scála Criticiúlachta....................15

# ACHOIMRE

Braitheann Stát nua-aimseartha ar shaghsanna iomadúla de bhonneagar, ar Phríomhbhonneagar (PB) cuid díobh. Is é an sainmhíniú a thugtar ar BC ná sócmhainn, córas nó cuid de atá bunriachtanach ar mhaithe le feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, folláine gheilleagrach nó shóisialta na ndaoine a chothabháil agus a n-imreodh cur isteach orthu nó a milleadh tionchar suntasach sa Stát mar thoradh ar theip ar na feidhmeanna siúd a chothabháil. Cuireann BC seirbhísí agus fóntais ar fáil chun feidhmiú éifeachtúil an gheilleagair, sábháilteacht agus folláine a shaoránach agus feidhmiú leanúnach an rialtais a éascú. Bíonn súil ag saoránaigh na hÉireann leis go bhfeidhm BC an Stáit go héifeachtúil agus is féidir nuair a chuirtear isteach ar na seirbhísí siúd, go gcuirfear ar fáil arís iad a thapúla agus is féidir. Tuigtear go maith an tábhacht a bhaineann le BC athléimneach i dtaobh Stáit. Tá castacht, spleáchas agus idirspleáchas méadaitheach ann le déanaí, áfach, laistigh de agus idir BC. D'fhéadfadh seo baol a chruthú do shochaí ar gá iad a shainaithint agus a mheasúnú. Cuirtear treoir sa Cháipéis Treoirlíne seo do Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, agus d'oibreoirí poiblí agus príobháideacha seirbhísí bunriachtanacha, ar conas cad is PB ann a shainaithint, conas criticiúlacht cur isteach ar nó mhilleadh an BC sin a mheasúnú/a chainníochtú agus cuirtear creat ar fáil de bhearta chun feabhas a chur ar athléimneacht BC. Glactar sa Treoirlíne seo le cur chuige rioscabhunaithe atá dírithe ar cúrsaí sochaíocha, agus tá sé dírithe ar thionchar an chaillteanais seirbhísí a mbíonn sochaí na hÉireann thíos leis seachas ar na caillteanais a mbíonn úinéir nó oibreoir na seirbhíse sin thíos leo.

Tugtar cuntas i GCUID A HAON ar an gcúlra agus ar chuspóir na Cáipéise Treoirlíne seo, téarmeolaíocht agus sainmhínithe tábhachtacha a úsáidtear inti, ina measc. Tugtar sa cháipéis réamheolas ar an tuiscint ar phrionsabail an Bhonneagair Náisiúnta agus na Príomh-Roinne Rialtais (PRR) maidir lena bhfreagracht d'Earnálacha agus Fo-Earnálacha. Anuas air sin, tugtar míniú inti ar chomhthéacs na hÉireann, an AE agus idirnáisiúnta i dtaobh Athléimneacht Phríomhbhonneagair (APB).

Tugtar cuntas i GCUID A DÓ ar mhodheolaíocht chun BC agus an próiseas a shainaithint chun meastóireacht agus cainníochtú a dhéanamh ar thionchar an chuir isteach, agus na bearta a chur san áireamh atá i bhfeidhm cheana féin chun maolú a dhéanamh in aghaidh riosca. Tugann an mhodheolaíocht seo an Mhéadracht Chriticiúlachta, Tosca Tionchair a úsáid laistigh de chatagóirí na Scóipe, na Tromchúise agus an Fhaid, agus

an Scór Criticiúlachta, ar deireadh. Ceadaíonn seo an mheastóireacht a dhéanamh (bunaithe ar an scór Criticiúlachta) ar thionchar chur isteach nó mhilleadh seirbhíse a chuir PB ar fáil do shochaí na hÉireann. Éascaíonn an Scór Criticiúlachta seo Roinn/Gníomhaireachtaí Rialtais a dheimhniú cén bonneagar náisiúnta atá ina PB. Trí mheastóireacht a dhéanamh ar an scála uachtarach, is féidir Bonneagar Náisiúnta Criticiúil (PBN) a shainaithint.

Beartaítear creat beart i GCUID A TRÍ chun feabhas a chur ar athléimneacht BC. Cuireann an creat seo le cur chuige chóras na gcúig chéim i leith bainistíocht éigeandála a dtugtar cuntas air sa cháipéis Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach (BÉS): Struchtúir agus Creat Náisiúnta[1.] Tugtar comhairle ann ar bhearta athléimneachta in ocht (8) bpríomhlimistéar chun Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Úinéirí agus/nó Oibreoirí Seirbhísí (OSBanna) a chumasú feabhas leanúnach a chur ar athléimneacht a BC shonraigh.

1. BÉS ar fáil ag www.emergencyplanning.ie

# CUID A HAON

## Réamhrá

1. Sainaithnítear athléimneacht náisiúnta a chothú mar chuspóir tábhachtach sa cháipéis Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach: Struchtúir agus Creat Náisiúnta (BÉS) chun cur isteach ar an tsochaí a íoslaghdú agus chun aischur tapa seirbhísí bunriachtanacha i ndiaidh teagmhais éigeandála a éascú.

2. Luaitear in BÉS, in ailt 4.20 go 4.36, go dteastaíonn feabhas leanúnach a chur ar athléimneacht an Bhonneagair Náisiúnta chun feabhas a chur ar athléimneacht náisiúnta.

**Cúlra**

3. Sainaithníodh in BÉS an gá atá le roinnt Cáipéisí Treoirlíne a fhoilsiú i limistéir shonracha. Limistéar sonrach amháin is ea Athléimneacht Phríomhbhonneagair. Luaitear in alt 4.31 de BÉS: "Is éard atá in PB ná sócmhainní atá faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag an Stát, agus iad siúd atá n-oibriú ag na hearnálacha leathstáit agus príobháideacha, faoi rialáil údarás rialála neamhspleách, de ghnáth. Tá an phríomhfhreagracht as sócmhainn nó córas PB a chosaint ar a húinéir nó a hoibreoir". Luaitear in alt 4.32 de BÉS, chomh maith: "Tá freagracht ar an Rialtas, chomh maith, chun bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le PB níos sábháilte, níos sláine agus níos athléimní. Leagann seo dualgas ar Ranna Rialtais chun naisc a chothú agus oibriú go dlúth leis na hearnálacha leathstáit agus príobháideacha, a dhíríonn ar phríomhbhonneagar a chosaint ó réimse fairsing bagairtí". De bhreis air seo, luaitear in alt 4.33 de BÉS: "Tabharfaidh Foghrúpa Thascfhórsa na Rialtais faoin tasc lena mbaineann bearta a shainaithint chun feabhas a chur ar athléimneacht PB". Cuirtear seirbhísí bunriachtanacha, ar a mbraitheann an tsochaí i dtaobh gnáthfheidhmiú, i scóip na Cáipéise Treoirlíne seo.

4. Lena éascú an Cháipéis Treoirlíne seo a léamh agus a thuiscint, tugtar cuntas ar an téarmeolaíocht agus na sainmhínithe a úsáidtear ar fud na cáipéise ag

Tábla 1.

**Tábla 1: Sainmhínithe agus Téarmeolaíocht Bhunriachtanach.**

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Gníomhaireacht | Is féidir Gníomhaireacht a shainmhíniú mar eagraíocht ar bith laistigh d'earnáil, a bhfuil freagracht ar an Roinn aisti, nó ról maoirseachta ina taobh, nó a bhfuil caidreamh aici léi, a chuireann aon seirbhís ar fáil don tsochaí, a bhféadfadh caillteanas na seirbhíse sin tionchar a imirt ar an tsochaí. |
| Pleanáil Leanúnachais Gnó (PLG) | Is féidir Pleanáil Leanúnachais Gnó a shainmhíniú mar an próiseas ina ndéanann eagraíochtaí de mhéid ar bith pleananna agus nósanna imeachta a dhearadh lena chinntiú go ndéantar a bhfeidhmeanna criticiúla a choimeád i rith éigeandálaí agus go ndéantar iad a aischur ar leibhéil inghlactha i ndiaidh teagmhais. |
| Pleananna Leanúnachais Gnó | Is féidir Pleananna Leanúnachais Gnó a shainmhíniú mar nósanna imeachta leanúnachais gnó a dhéantar a dhoiciméadú. Úsáideann eagraíochtaí na nósanna imeachta seo chun freagairt do theagmhais shuaiteacha, iarrachtaí aisghabhála a threorú, gníomhaíochtaí a dtugtar tús áite dóibh a atosú agus chun oibríochtaí a aischur ar leibhéil inghlactha. |
| Criticiúlacht | Is féidir criticiúlacht a shainmhíniú mar an leibhéal tionchair a imríonn cur isteach ar bhonneagar nó bonneagar a mhilleadh ar an saoránach nó ar an rialtas. |
| Measúnú Criticiúlachta | Is féidir Measúnú Criticiúlachta a shainmhíniú mar phróiseas a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chriticiúlacht bhonneagair a sainaithníodh. Go mór mór, glactar le cur chuige rioscabhunaithe, agus déanann Measúnú Criticiúlachta meastóireacht ar an tionchar a imrítear mar gheall ar chaillteanas seirbhíse ar an Stát agus/nó an tsochaí seachas ar an tionchar a imrítear ar na soláthraithe seirbhíse. |
| Príomhbhonneagar (PB) | Is féidir Príomhbhonneagar a shainmhíniú mar shócmhainn, córas nó cuid de atá bunriachtanach ar mhaithe le feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, folláine gheilleagrach nó shóisialta na ndaoine a chothabháil agus a n-imreodh cur isteach orthu nó a milleadh tionchar suntasach sa Stát mar thoradh ar theip ar na feidhmeanna siúd a chothabháil. |
| Pobal Príomhbhonneagair | Is féidir Pobal Príomhbhonneagair a shainmhíniú mar gach páirtí leasmhar, Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí, agus Úinéirí/Oibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha ina measc, a n-imríonn cur isteach ar Phríomhbhonneagar nó Príomhbhonneagar a mhilleadh tionchar orthu. |
| Príomhbhonneagar a Chosaint (PBC) | Is féidir Príomhbhonneagar a Chosaint a shainmhíniú mar an cumas chun cosc a chur ar thionchar drochtheagmhais nó an tionchar sin a laghdú. |
| Athléimneacht Phríomhbhonneagair (APB) | Is féidir Athléimneacht Phríomhbhonneagair a shainmhíniú mar phróiseas dinimiciúil a chuireann modheolaíocht rioscabhunaithe 'uileghuaise' i bhfeidhm chun méid/scóip, tromchúise, nó fad suaite shuaitigh ar an Stát/an tsochaí a laghdú agus a éascaíonn an aisghabháil a eascraíonn as. Glacann an saghas seo de chur chuige athléimneach sraith iomlánaíoch nósanna imeachta agus beart a chinntíonn |

| Téarma | Sainmhíniú |
| --- | --- |
| | gur féidir measúnú riosca a dhéanamh ar, maolú a dhéanamh ar, ullmhú do, glacadh le/oiriúnú do, agus teacht as suaitheadh suaiteach. |
| Príomhbhonneagar Náisiúnta (PBN) | Is féidir Príomhbhonneagar Náisiúnta a shainmhíniú mar rud lena mbaineann tábhacht náisiúnta, a mbeadh éifeachtaí suntasacha ar leibhéal náisiúnta aige agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fud roinnt earnálacha má chuirtear isteach air nó má mhilltear é. Déantar measúnú ar PBN mar leibhéal 5 ar an Scála Criticiúlachta (Tábla 6). Fothacar de PB is ea PNB. |

| Téarma | Sainmhíniú |
| --- | --- |
| Spleáchas agus Idirspleáchas | Is féidir Spleáchas agus Idirspleáchas a shainmhíniú mar chaidreamh a dhéanann breithniú ar an éifeacht chascáideach laistigh de earnáil/fo-earnálacha agus/nó trasna earnálacha/fo-earnálacha. Is féidir spleáchas a shainmhíniú mar chaidreamh aonair spleách agus is féidir idirspleáchas a shainmhíniú mar chaidreamh atá comhspléach. |
| Suaitheadh Suaiteach | Is féidir Suaitheadh Suaiteach a shainmhíniú mar aon teagmhas suntasach a chuireann isteach ar an bhfáil atá ar sheirbhísí bunriachtanacha nó ar na seirbhísí siúd a sholáthar nó ar iomláine na seirbhísí siúd. |
| Seirbhísí Bunriachtanacha | Is féidir Seirbhísí Bunriachtanacha a shainmhíniú mar na seirbhísí laethúla siúd atá bunriachtanach chun feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, folláine gheilleagrach nó shóisialta na ndaoine a chothabháil. |
| Bonneagar Náisiúnta | Is féidir Bonneagar Náisiúnta a shainmhíniú mar na sócmhainní agus córais siúd a theastaíonn chun na seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar ar a mbraitheann an saol laethúil agus a chinntíonn go leanann an stát ag feidhmiú go héifeachtach. |
| Athléimneacht Náisiúnta | Is féidir Athléimneacht Náisiúnta a shainmhíniú mar chumas an stáit chun cruachás a sheasamh agus teacht as. |
| Oibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha (OSBanna) | Is féidir Oibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha a shainmhíniú mar na haonáin phoiblí nó phríobháideacha siúd a sholáthraíonn/a oibríonn seirbhísí laethúla atá bunriachtanach chun feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, folláine gheilleagrach nó shóisialta na ndaoine a chothabháil. |
| Bearta Coiscteacha | Is féidir Bearta Coiscteacha a shainmhíniú mar shraith rialuithe a chuirtear i bhfeidhm chun aon díobháil, cur isteach disruption nó milleadh a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil i ngeall ar aon ghéarchéim nó éigeandáil fhéideartha a sheachaint. |
| Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí | Is féidir Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí, i dtaobh APB, a shainmhíniú mar an caidreamh idir struchtúir rialaithe/reachtaíochta/rialála agus úinéir/oibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha, a bhféadfadh aonáin phríobháideacha a bheith i gceist le roinnt díobh. |

| | |
|---|---|
| Bearta Slándála | Is féidir Bearta Slándála a shainmhíniú mar bhearta chun cosc a chur ar aon teagmhais d'aon turas agus de thimpiste a d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí bunriachtanacha nó iad a mhilleadh. |
| Tionchar Suntasach | Is féidir Tionchar Suntasach a shainmhíniú mar an tionchar siúd a bhagraíonn do shábháilteacht phoiblí, folláine shóisialta nó muinín phoiblí; a bhagraíonn dár slándáil gheilleagrach nó a dhéanann díobháil dár n-iomaíochas idirnáisiúnta; a dhéanann díobháil don timpeallacht; nó a chuireann srian ar leanúnachas an rialtais nó a chuid seirbhísí. |

## Cuspóir

5. Is é cuspóir na Treoirlíne seo chun modheolaíocht a chruthú do Ranna Rialtais, OSBanna san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, chun PB a shainaithint. Tugtar isteach inti Méadracht Chriticiúlachta, ina bhfuil trí scála atá sonrach, ach atá éagsúil mar sin féin, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar chailleadh an bhonneagair ar shochaí na hÉireann. Laistigh de gach ceann de na trí scála ar leith, tá Tosca Tionchair lena nglactar go hidirnáisiúnta. Tá luach There is an ardaitheach ar na Tosca Tionchair seo a léiríonn an tionchar méadaithe ar shochaí na hÉireann. Bronnann foirmle scór ar an mbonneagar, a cheadaíonn a chriticiúlacht a mheasúnú i dtaobh thionchar sochaíoch chailleadh na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

6. Tugtar cuntas sa Treoirlíne seo ansin ar bhearta chun feabhas a chur ar athléimneacht bhonneagar. Cuirfidh an próiseas seo, ar a uain sin, eolas ar fáil d'athbhreithnithe eile ar leibhéal náisiúnta, e.g. Measúnú Riosca Náisiúnta (MRN) d'Éirinn 2017.

## Cosaint agus Athléimneacht Bhonneagair: Comhthéacs an AE

7. Go hidirnáisiúnta, glactar leis go ginearálta go bhfuil méadú de réir a chéile ag teacht ar an mbaol atá roimh an tsochaí, mar gheall ar chur isteach gan chuimhneamh nó d'aon turas ar Phríomhbhonneagar (PB) nó PB a mhilleadh. Is iomaí cúis atá leis seo, uirbiú, úsáid mhéadaithe a bhaint as TFC, spleáchas méadaithe, éileamh agus feasacht mhéadaithe ar an éagobhsaíocht is cúis le cur isteach ar sheirbhísí.

8. In 2005, ag freagairt do na treochtaí seo agus a rioscaí gaolmhara atá roimh an tsochaí, ghlac an AE le páipéar glas ar chlár Eorpach chun Príomhbhonneagar a Chosaint2. In 2008, d'eisigh an Chomhairle Eorpach (an CE) Treoir 2008/114/CE3 a cheanglaíonn ar Bhallstáit PC Eorpach (PBE) a shainaithint agus a shainiú agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena chosaint.

9. Cé go gceanglaítear i dTreoir 2008/114/CE ar Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar bhonneagar ar leibhéal an AE, spreag sé Ballstáit aonair chun eolas a fhorbairt ar an méid atá i gceist lena BC náisiúnta agus an méid atá i gceist lena gcriticiúlacht i dtaobh na sochaí lena chabhrú díriú ar straitéisí um Príomhbhonneagar a Chosaint (PBC) agus Athléimneacht Phríomhbhonneagair (ABP) ar leibhéal náisiúnta.

10. Sainaithníonn an CE leochaileacht PB a laghdú i measc na n-earnálacha go léir agus feabhas a chur ar a n-athléimneacht mar phríomhchuspóir.

11. Tugtar cuntas i sa Chlár Eorpach um Chosaint an Phríomhbhonneagair (an CECPB), atá comhordaithe ag Ionad Comhpháirteach Taighde an AE, ar chreat foriomlán chun PB a chosaint san AE agus foráiltear ann do 'cur chuige trasearnála uileghuaise'. Déanann seo breithniú ar na bagairtí go léir (sceimhlitheoireacht, cibearbhagairtí, bagairtí nádúrtha, etc.) i dtaobh na n-earnálacha

[2] Ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52005DC0576

[3] Treoir 2008/114/CE an 8 Nollaig 2008 maidir le príomhbhonneagair Eorpacha a shainaithint agus a shainiú agus an measúnú ar an ngá atá le feabhas a chur ar a gcosaint.

ábhartha uile le haghaidh gníomhaíocht gheilleagrach.

12. Cuimsítear san úsáid a bhaineann an AE as an téarma PBC, ní hamháin an gá atá le PB a chosaint i dtaobh cúrsaí fisiciúla de, ach an gá lena chinntiú, chomh maith, go leantar leis an tseirbhís a sholáthar nó go ndéantar an PB a aschur trí dhul i mbun na mbeart praiticiúil eile sin a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun an mbaol roimh an PB a mhaolú.

13. Bunaithe ar an obair seo, ghlac an CE le cur chuige nua i dtaobh obair an CECPB faoi na trí phríomhthéama: of cosc, ullmhacht agus freagairt. Bhí an cur chuige nua seo dírithe ar uirlisí agus modheolaíocht choiteann a thógáil laistigh den AE i dtaobh PBC agus APB, ní ba dhéanaí. Tá díriú suntasach ar spleáchas PB a chur i gcuntas níos fearr.

14. Ag eascairt uaidh seo, i dtaobh cibear-athléimneacht PB, ghlac an AE le Treoir (AE) 2016/1148 maidir le bearta ardleibhéal coiteann de shlándáil córais líonra agus faisnéise ar fud an AE, ar a dtugtar an Treoir CLF, chomh maithtreoir4.

## Aistriú chuig Athléimneacht Phríomhbhonneagair

15. Léirítear i bhfoilseacháin idirnáisiúnta agus AE[5] aistriú ó dhíriú ar PB amháin agus breithniú níos mó a dhéanamh i dtreo APB i dtaobh 'dea-chleachtais' le feidhmiúlacht PB a chinntiú.

16. Tá an t-aistriú i dtreo PB mar thoradh ar aitheantas nach féidir le bearta cosanta, iad féin, a chinntiú go n-aischuirtear seirbhísí go mear. Aithnítear trí dhíriú ar PBC, go bhféadfadh go mbeadh cumas teoranta ag úinéirí agus oibreoirí PB chun leanúint le soláthar seirbhíse nuair a chuirtear isteach ar sheirbhísí bunriachtanacha a theastaíonn uathu.

17. Tá cúis chúisíoch eile i dtreo cur chuige PB ina toradh ar dhorchthírdhreach agus tírdhreach athraitheach guaiseacha agus bagairtí i leith PB. Ní féidir gach bagairt i leith PB a thuar, a chosc, a mhaolú nó ullmhú dóibh a d'fhéadfadh bheith ina mbagairt nua atá tagtha chun solais, i gcásanna áirithe.

## Athléimneacht Phríomhbhonneagair

18. Próiseas dinimiciúil is ea PBC a chuireann modh rioscabhunaithe 'uileghuaise' i bhfeidhm chun méid/scóip, tromchúise nó fad suaite shuaitigh ar an Stát/an tsochaí a laghdú agus a éascaíonn an aisghabháil a eascraíonn as. Sraith iomlánaíoch nósanna imeachta agus beart atá i gceist le cur chuige athléimneach a chinntíonn gur féidir measúnú riosca a dhéanamh ar, maolú a dhéanamh ar, ullmhú do, glacadh le/oiriúnú do, agus teacht as suaitheadh suaiteach. Próiseas atá

[4] Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/network-and-information-security-nis-directive

[5] Tagraítear do Cháipéis Oibre Foirne CE maidir le cur chuige nua i leith PB Eorpach a dhéanamh níos sláine ag an CECPB. Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/20130828_epcip_commission_staff_working_document.pdf

i gceist le APB a thógáil a mhéid céanna a bhfuil sraith torthaí i gceist leis. Má cheaptar go bhfuil PB a oibriú laistigh d'Éirinn bunriachtanach do shochaí na hÉireann, baineann ríthábhacht le hathléimneacht an PB sin.

**Tábla 2: Earnálacha agus Fo-Earnálacha Bonneagair Náisiúnta**

| Earnáil | Fo-Earnáil | Príomh-Roinn Rialtais |
|---|---|---|
| Fuinneamh | Leictreachas | An RCGAT |
| | Gás | An RCGAT |
| | Ola | An RCGAT |
| Bia agus Uisce | Soláthar Bia | An RTBM |
| | Uisce<br>*(Soláthairtí agus fuíolluisce, an córas séarachais ina measc.)* | An RTPRÁ |
| TFC | Teileachumarsáid | An RCGAT |
| | Teicneolaíochtaí Faisnéise | An RCGAT |
| | Na Meáin | An RCGAT |
| Airgeadas, Seirbhísí Airgeadais | Baincéireacht (soláthar íocaíochta ina measc) | DFIN |
| | Árachas | DFIN |
| | Córais Íocaíochtaí Leasa | An RGFCS |
| Iompar | Eitlíocht | An RITS |
| | Bóithre | An RITS |
| | Iarnród | An RITS |
| | Muir agus Poirt | An RITS, an RTBM |
| Sláinte | Ospidéil | An RS |
| | Saotharlanna | An RS<br>An RTBM |
| Riarachán Poiblí | Rialtas | An RT |
| | An Rialtas Láir agus Áitiúil | Gach ceann |
| | An Córas Ceartais agus Dlí | An RDCC |
| | Na Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim | Na Coimisinéirí Ioncaim |
| | Maoin Chultúrtha | An RCOG OOP |
| | Uiríll Taidhleoireachta agus Ceanncheathrúna Idirnáisiúnta | An RGET |
| Bonneagar Náisiúnta Slándála, Póilíneachta agus Sábháilteachta Poiblí | An Garda Síochána | An RDCC |
| | Dóiteán agus Éigeandáil | An RTPRÁ |
| | An tSeirbhís,, Náisiúnta Otharcharranna | An RS |
| | Garda Cósta na hÉireann | An RITS |
| | An tSeirbhís Phríosún | An RDCC |
| | Na Fórsaí Cosanta | An RC |
| | Cosaint Shibhialta | An RC |
| Tionscal | Tionscail Guaiseacha<br>*(Cógaisíocht, ceimiceach etc.)* | An RTPRÁ<br>An RGFN |
| | Talmhaíocht/Tionscail Mhuirí (*Feirmeoireacht/Iascaigh*) | An RTBM |
| | Tionscail Déantúsaíochta agus Phróiseála | An RGFN |
| | Dramhaíl Thionsclaíoch agus Intíre a Dhiúscairt | An RTPRÁ |
| | Slabhraí soláthair lóistíochtúla | Gach ceann |

*D'fhéadfadh an tábla seo, a chuimsítear chomh maith sa 'Struchtúir agus Creat Bainistíochta Éigeandála Straitéisí (BÉS)' a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2017, athrú nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an BÉS.

**Bonneagar Náisiúnta a Shainaithint**

19. Sular tugadh faoi aon tuiscint a fháil ar nó measúnú a dhéanamh ar chriticiúlacht bhonneagar na hÉireann, is gá an Bonneagar Náisiúnta a thuiscint ina iomláine.

20. I gcomhthéacs fhreagairt na hÉireann do ghuaiseacha nádúrtha agus teicneolaíochta, bagairtí slándála, agus bagairtí eile, tá an tuiscint ar an mBonneagar Náisiúnta dírithe ar choincheap na Seirbhísí Bunriachtanacha. Meastar go gcuimsítear i mBonneagar Náisiúnta na sócmhainní agus córais siúd a theastaíonn chun na seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar ar a mbraitheann an saol laethúil in Éirinn agus a chinntíonn go leanann an Stát ag feidhmiú go héifeachtach agus go geilleagrach.

21. Éascaíonn an earnáil, na fo-earnálacha agus na Príomh-Ranna Rialtais, faoi seach, faoi mar a dtugtar cuntas orthu sa BÉS agus a léirítear i dTábla 2, Bonneagar Náisiúnta agus na comhábhair a mheasúnaítear amhail bheith 'ríthábhachtach' d'fheidhmeanna na n-earnálacha a shainaithint. Tá liosta Gníomhaireachtaí ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Pleanála Éigeandála.[6]

**Criticiúlacht a thuiscint i bPríomhbhnneagar Náisiúnta na hÉireann**

22. Tríd an dinimic faoi bhonneagar a thuiscint, beifear in ann pleanáil, freagairt, comhordú agus aisghabháil níos éifeachtaí a dhéanamh i gcás éigeandála. D'fhéadfadh teip ar nó baint de phíosa amháin de bhonneagar tionchar cascáideach a imirt ar bhonneagar eile, e.g. d'fhéadfadh teip ar an soláthar cumhachta cur isteach ar fheidhm ionad cóireála uisce nó ionad cóireála camrais. Bíonn bonneagair idirspleách go fisiciúil má mbíonn staid gach cinn ag brath ar an soláthar nó an tseirbhís a chuireann an ceann eile ar fáil, i.e. tionchar déthreoch. D'fhéadfadh toise spásúil baint le hidirspleáchas, chomh maith, ina mbíonn PB amháin comhlonnaithe nó i ngaireacht thíreolaíoch do cheann eile.

23. D'fhéadfaí sócmhainn aonair amháin nó níos mó a bhaint de Bhonneagar Náisiúnta na hÉireann, a chumasaíonn soláthar na seirbhíse nó an aschuir atá i gceist i dteannta a chéile. D'fhéadfadh sócmhainní a bheith daonna (e.g. foireann), fisiciúla (e.g. láithreáin, suiteálacha, trealamh, trealamh etc.) nó loighciúil (e.g. líonraí faisnéise, córais etc.).

24. Tá roinnt gnéithe 'criticiúla' de bhonneagar ann laistigh d'earnálacha agus fo-earnálacha na hÉireann. Dá gcaillfí nó dá mbainfí den bhonneagar siúd, d'imreofaí tionchar suntasach ar infhaighteacht nó iomláine seirbhísí bunriachtanacha, a n-eascróidh caillteanas saoil nó tionchar trom geilleagrach sóisialta no tionchar diúltach eile ar an tsochaí as.

25. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh PB i gceist le gach rud laistigh den earnálacha agus de na fo-earnálacha Bonneagair Náisiúnta. Anuas air sin, laistigh den PB a

---

[6] www.emergencyplanning.ie

sainaithníodh, beidh roinnt díobh níos ríthábhachtaí ná cinn eile maidir leis an tsochaí i dtaobh tionchair mar gheall ar chur isteach ar nó milleadh na seirbhíse a sholáthraítear. Cuirtear scála criticiúlachta (Tábla 6) ar fáil sa

# CUID A DÓ

## Príomhbhonneagar a Thuiscint agus a Shainaithint

26. Tugtar cuntas sa chuid seo den Cháipéis Treoirlíne ar mhodheolaíocht chun PB a shainaithint agus lena chriticiúlacht a dheimhniú. Ní ann do threoirlínte uilíocha chun na critéir, an scóráil agus an cur i bhfeidhm seo a bhunú mar gheall go n-úsáidtear go leor modhanna éagsúla. Tugann dea-chleachtas le fios, áfach, gur féidir criticiúlacht a bhunú ar mheasúnú ar an tionchar a d'imreodh an cur isteach ar nó milleadh an bhonneagair ar sheirbhís bhunriachtanach a sholáthar. Déantar breithniú ar na Tosca Tionchair a úsáidtear sa Cháipéis Treoirlíne seo ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta, ach cuirtear áireamh iontu, chomh maith, seasamh tíreolaíoch na hÉireann, Critéir Náisiúnta Thionchair[7] agus treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh[8].

## Cén fáth a dtabharfaí faoi Mheastóireacht Chriticiúil?

27. Glactar le cur chuige rioscabhunaithe go hidirnáisiúnta mar bheart bunriachtanach chun mhodheolaíocht a dtugtar cuntas uirthi i gCuid 2chun PB a shainaithint, a léiríonn na leibhéil chriticiúlachta ó bhonneagar áitiúil a mhéid le PBN.

meastóireacht a dhéanamh ar chriticiúlacht Phríomhbhonneagair. Glactar leis an gcur chuige seo, go háirithe, chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a imrítear ar an tsochaí is cúis le cur isteach ar nó milleadh seirbhísí bunriachtanacha.

28. Baineadh an cur chuige, a nglactar leis sa Cáipéis Treoirlíne seo, ó dhea-chleachtas i limistéar an APB agus:

- **Cuireann** sé le tuiscint chomhpháirteach a chruthú ar na dúshláin ar leibhéal náisiúnta a bhfuiltear le dul i ngleic leo maidir le hathléimneacht PB na hÉireann;
- **Soláthraíonn** sé bonn chun tosaíochtaí a bhunú i dtaobh straitéisí maolaithe riosca do PB laistigh den Stát;
- **Soláthraíonn** sé bonn chun measúnú a dhéanamh ar chumas náisiúnta bainistíochta riosca;
- **Cuireann** sé eolas ar fáil d'obair idirghníomhaireachta agus leibhéil réigiúnacha faoi fhorálacha "an Creat um Bainistíocht Mór-Éigeandála"9 (BMÉ);

[7] Measúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn 2017 Tábla 3 Ar fáil ag: www.emergencyplanning.ie

[8] Cumarsáid ón gCoimisiún ar Chlár Eorpach um Príomhbhonneagar. COM (2006) 786


[9] An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Bainistíocht Mór-Éigeandála; "Creat um Bainistíocht Mór-Éigeandála", 2006. Ar fáil ag: www.mem.ie

- **Bunactaíonn agus cuireann** sé leis an gcáipéis "Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach"[10] (BMÉ) a chur i bhfeidhm a d'fhorbair Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála (TFR);
- **Cuireann** sé eolas ar fáil d'athléimneacht fheabhsaithe náisiúnta a fhorbairt.

## Bonneagar agus an Scála Criticiúlachta a Chatagóiriú

29. Déantar meastóireacht ar na héifeachtaí a bhíonn ag cur isteach ar Bhonneagar Náisiúnta a shainaithnítear chun an tionchar ar an tsochaí, sábháilteacht agus folláine a saoránach, an geilleagar agus feidhmiú leanúnach an Rialtais a chatagóiriú. Tá an mhodheolaíocht chun meastóireacht a dhéanamh ar chriticiúlacht bhonneagair bunaithe ar chaillteanas seirbhíse i sochaí. Ba cheart do Bhainistíocht Shinsearach pháirtithe leasmhara ábhartha meastóireacht a dhéanamh ar chriticiúlacht bhonneagair tríd an bpróiseas cúig chéim a dtugtar cuntas air thíos a leanúint.

[10] Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach: Struchtúir agus Creat Náisiúnta. Ar fáil ag: www.emergencyplanning.ie




Fíor 1. Cúig Chéim chun Meastóireacht a dhéanamh ar an bPríomhbhonneagar.

| |
|---|
| Céim 1: Liosta Seirbhísí Bunriachtanacha a Chomhdhlúthú |
| Céim 2: Sócmhainní/Sócmhainní Bonneagair a Shainaithint |
| Céim 3: Spleáchas agus Idirspleáchas Bonneagair a Shainaithint |
| Céim 4: Tionchar Criticiúlachta a Mheasúnú |
| Céim 5: Scór Criticiúlachta a Ríomh |

**CÉIM 1:** Liosta Seirbhísí Bunriachtanacha a chomhdhlúthú: Ba cheart do na Príomh-Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais (Tábla 2) i gcomhairle le hOibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha (OSBanna) liosta seirbhísí bunriachtanacha a chomhdhlúthú, a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt, ina dtuairim shaineolach, dá gcuirfí isteach orthu nó dá millfí iad, ar an tsochaí.

**CÉIM 2:** Sócmhainní/Sócmhainní Bonneagair a shainaithint: I ndiaidh seirbhísí bunriachtanacha a shainaithint, déan na sócmhainní a dhoiciméadú atá bunriachtanach do sholáthar seirbhíse, e.g. daonna (foireann agus saineolas), fisiciúil (láithreáin, installations, trealamh etc.) nó loighciúil (líonraí faisnéise, córais etc.). Tugtar an Bonneagar Scrúdaithe ar gach ceann anois.

**CÉIM 3:** Spleáchas Bonneagair (Iarscríbhinn A) agus Idirspleáchas Bonneagair a shainaithint (Iarscríbhinn B);

Bonneagair eile a shainaithint atá ceangailte leis an mBonneagar Scrúdaithe.

30. Is féidir caitheamh leis na bonneagair eile seo, faoi mar a shonraítear i gCéim 3, mar dhá fhochatagóir:

- **Áirítear le Bonneagair Spleácha** bonneagair a bhraitheann ar an mBonneagar Scrúdaithe (leibhéal amháin níos airde).
- **Áirítear le Bonneagair Riachtanacha** bonneagair a theastaíonn (leibhéal amháin níos ísle) ón mBonneagar Scrúdaithe.

31. Nuair a theastaíonn tacaíocht ó shócmhainn amháin ón dara sócmhainn, tugtar Spleáchas air seo. Nuair a theastaíonn tacaíocht óna chéile óna dá shócmhainn, tugtar Idirspleáchas air seo.

32. Caithfear breithniú a dhéanamh ar an spleáchas agus idirspleáchas go léir a sainaithníodh laistigh den Bhonneagar Scrúdaithe a chuireann aon bhaol in iúl don tsochaí. De bhreis air sin, ar mhaithe le praiticiúlacht, ba cheart don phróiseas sainaitheanta seo a bheith teoranta i dtaobh leibhéal amháin a airde le Bonneagar Spleách agus leibhéal amháin anuas go dtí Bonneagar Riachtanach (Iarscríbhinn A).

33. An CRM[11](an cás réasúnta is measa) a imreoidh tionchar ar an mbonneagar. Déantar meastóireacht ar an tionchar ar an mbonneagar in aghaidh na gcatagóirí tionchair: Scóip, Tromchúise agus Bainteach le hAm.

**CÉIM 4:** Meastóireacht ar an Tionchar Criticiúlachta: Meastóireacht a dhéanamh ar rátáil chriticiúlachta trí úsáid a bhaint as cur chuige cásbhunaithe chun imeachtaí a shainaithint a n-eascródh caillteanas an chumais chun seirbhís a sholáthar as. De réir dea-chleachtais, tá an mheastóireacht le bunú ar 'cásanna réasúnta is measa' (CRManna) nuair nach bhfuil seirbhís ar fáil mar gheall ar shuaitheadh suaiteach. Sann scór 1 go 5 do gach toisc thionchair. Cinntigh go léirítear sa scór comhchaillteanas seirbhísí spleácha agus idirspleácha.

34. Caithfear breithniú a dhéanamh ar gach Toisc Thionchair i ngach ceann de na scálaí seo a leanas: Scóip, Tromchúise agus Ambhainteach.

[11] Tá an téarma CRM baint ó ISO 31010:2009, lch 85 "na torthaí/an iarmhairt inchreidte is tromchúisí". "Tá CRM riosca ar leith bunaithe ar shonraí, samhaltú agus faireachas treochta stairiúil agus eolaíochta agus ar bhreithiúnais ghairmiúla saineolaithe" Keep the Country Running; Lch 22 Oifig na Comhaireachta 2011

34. Caithfear breithniú a dhéanamh ar gach Toisc Thionchair i ngach ceann de na scálaí seo a leanas: Scóip, Tromchúise agus Ambhainteach.

**Tábla 3: Scála Scóipe**

| Toisc Thionchair | An-Íseal (1) | Íseal (2) | Measartha (3) | Ard (4) | An-Ard (5) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Daoine a ndearnadh Difear Dóibh** | <75,000 | >75,000 | >150,000 | >225,000 | >350,000 |
| **Dlús Daoine** | <10 nduine/km2 | >10 nduine/km2 | >50 duine/km2 | >250 duine/km2 | >1,250 duine/km2 |
| **Réimse** | An Tuath | Uirbeach/Baile | Contae | Réigiúnach | Náisiúnta |

35. **Tionchar Scóipe**: Tá trí thoisc sa chatagóir thionchair seo atá le breithniú (Tábla 3);

- Daoine: Toisc thionchair chainníochtúil é seo a dhéanann an líon daoine a thomhas a n-imríonn teagmhas tionchar orthu. Ní dhéanann sé breithniú ar thromchúise an tionchair.
- Dlús daoine: Toisc chainníochtúil é an toisc thionchair seo a thugann an dlús daoine níos airde, chun solais, an fhéidearthacht mhéadaithe d'éifeachtaí tionchair.
- Réimse: Ar deireadh, déanann an toisc thionchair seo meastóireacht ar scóip thíreolaíoch theagmhais. Úsáideann réimse ionadaíocht cháilíochtúil nó theibí i dtaobh éifeacht thíreolaíoch

**Tábla 4: Scála Scóipe**

| Toisc Thionchair | An-Íseal (1) | Íseal (2) | Measartha (3) | Ard (4) | An-Ard (5) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionchar Poiblí: an méid seo a leanas ina measc Caillteanas saoil, breoiteacht leighis, gortú tromchúiseach** | Básanna níos lú ná 1 dhuine i measc 250,000 duine den daonra NÓ Gortuithe/breoiteacht chriticiúil níos lú ná 1 dhuine i measc 250,000 NÓ Gortuithe tromchúiseacha níos lú ná 1 dhuine i measc 100,000 NÓ Mionghortuithe amháin | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 250,000 duine den daonra NÓ Gortuithe/breoiteacht chriticiúil níos mó ná 1 dhuine i measc 250,000 NÓ Gortuithe tromchúiseacha níos mó ná 1 dhuine i measc 100,000 | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 100,000 duine den daonra NÓ Gortuithe/breoiteacht chriticiúil níos mó ná 1 dhuine i measc 100,000 NÓ Gortuithe tromchúiseacha níos mó ná 1 dhuine i measc 40,000 | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 40,000 duine den daonra NÓ Gortuithe/breoiteacht chriticiúil níos mó ná 1 dhuine i measc 40,000 NÓ Gortuithe tromchúiseacha níos mó ná 1 dhuine i measc 20,000 | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 20,000 duine den daonra NÓ Gortuithe/breoiteacht chriticiúil níos mó ná 1 dhuine i measc 20,000 |
| **Tionchar Geilleagrach: caillteanas geilleagrach** | A mhéid le 1% de Bhuiséad Bliantúil an Rialtais | Níos mó ná 1% de Bhuiséad Bliantúil an Rialtais | Níos mó ná 2% de Bhuiséad Bliantúil an Rialtais | Níos mó ná 4% de Bhuiséad Bliantúil an Rialtais | Níos mó ná 8% de Bhuiséad Bliantúil an Rialtais |
| **Tionchar Comhshaoil, an timpeallacht máguaird** | Éilliú simplí áitiúil. | Éilliú simplí réigiúnach, éifeachtaí gearrfhaid | Éilliú trom áitiúil, éifeachtaí níos faide | Éilliú trom, éifeachtaí fairsinge nó níos faide | Éilliú an-trom, éifeachtaí fairsinge nó níos faide |
| **Spleáchas: An spleáchas ar agus idir bonneagair** | Tionchar an-íseal ar bhonneagair nó earnálacha eile | Tionchar íseal ar bhonneagair nó earnálacha eile | Tionchar measartha ar bhonneagair nó earnálacha eile | Tionchar ard ar bhonneagair nó earnálacha eile | Tionchar an-ard ar bhonneagair nó earnálacha eile |
| **Tionchar Polaitiúil: muinín as an Rialtas ina measc** | Riosca an-íseal agus ardmhuinín chun riosca a rialú á dtabhairt faoi deara | Riosca íseal agus ardmhuinín chun riosca a rialú á dtabhairt faoi deara | Riosca measartha agus cumas íseal chun riosca a rialú á dtabhairt faoi deara | Ardriosca náisiúnta agus cumas an-íseal chun riosca a rialú á dtabhairt faoi deara | Ardriosca agus easpa cumais chun riosca a rialú ag an Rialtas náisiúnta |
| **Tionchar síceolaíoch, (éifeachtaí breathnaithe síceolaíocha ar an daonra)** | Cur isteach teoranta ar an tsochaí | An tsochaí ag feidhmiú le míchaoithiúlacht shuntasach | An tsochaí ag lagfheidhmiú | An tsochaí gan ach ag feidhmiú go páirteach | An tsochaí gan bheith in ann feidhmiú gan tacaíocht shuntasach |
| **Caidreamh Idirnáisiúnta** | Tionchar an-íseal ar chaidreamh idirnáisiúnta | Tionchar íseal ar chaidreamh idirnáisiúnta | Tionchar measartha ar chaidreamh idirnáisiúnta | Tionchar ar chaidreamh idirnáisiúnta | Tionchar an-ard ar chaidreamh idirnáisiúnta |
| **Seirbhísí Bunriachtanacha (Oibreoirí Seirbhísí Poiblí nó Príobháideacha)** | Cur isteach an-íseal ar sheirbhísí poiblí/príobháideacha a sholáthar | Cur isteach íseal ar sheirbhísí poiblí/príobháideacha a sholáthar | Cur isteach measartha ar sheirbhísí poiblí/príobháideacha a sholáthar | Cur isteach ard ar sheirbhísí poiblí/príobháideacha a sholáthar | Caillteanas seirbhísí poiblí/príobháideacha a sholáthar |
| **Slándáil (cibearshlándáil, Slándáil Stáit)** | Cur isteach an-íseal ar éifeachtacht oibríochtúil seirbhís slándála | Cur isteach íseal ar éifeachtacht oibríochtúil seirbhís slándála | Cur isteach measartha ar éifeachtacht oibríochtúil seirbhís slándála | Cur isteach ard ar éifeachtacht oibríochtúil seirbhís slándála | Éifeachtacht oibríochtúil seirbhís slándála a chailleadh |

36. **Tionchar Tromchúise**: Tá naoi dtoisc sa chatagóir thionchair seo atá le breithniú (Tábla 4);

- Tionchar Poiblí: Tomhas tionchair chainníochtúil é seo a dhéanann breithniú ar mhéid na córa leighis a theastaíonn le haghaidh básanna, breoiteachta agus gortuithe.
- Tionchar Geilleagrach: Cur chuige cainníochtúil é seo atá bunaithe ar chéatadán de bhuiséad bliantúil an rialtais. Glacadh leis seo mar an 'athróg ionadach' i dtaobh tionchar geilleagrach.
- Tionchar Comhshaoil: Tomhas tionchair chainníochtúil é seo. Tá critéir chomhshaoil bunaithe ar chritéir mheasúnachta tionchair comhshaoil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil[12].
- Spleáchas: Tomhas ar thoisc cháilíochtúil é seo a dhéanann breithniú ar an spleáchas agus idirspleáchas idir gnéithe PB. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí cascáideacha laistigh de agus trasna earnálacha agus fo-earnálacha.
- Tionchar Polaitiúil: Tomhas é seo ar thionchar cáilíochtúil a dhéanann breithniú ar bhraistint phoiblí maidir le muinín as an Údarás Áitiúil agus/nó an Rialtas.
- Tionchar Sóisialta: Beart cáilíochtúil é seo a dhéanann breithniú ar éifeachtaí síceolaíocha ar an daonra.
- Caidreamh Idirnáisiúnta: Beart cáilíochtúil é seo a dhéanann breithniú ar chaidreamh leis an bpobal idirnáisiúnta.
- Seirbhísí Bunriachtanacha: Tomhas cáilíochtúil é seo a dhéanann breithniú ar chur isteach ar nó milleadh seirbhísí ag seirbhísí poiblí nó príobháideacha.
- Slándáil: Tomhas cáilíochtúil é seo nach ndéanann breithniú ach ar thionchar slándála stáit agus cibearshlándála amháin.

[12] Ar fáil ag: www.epa.ie

**Tábla 5: Scála Ambhainteach**

| Toisc Thionchair | An-Íseal (1) | Íseal (2) | Measartha (3) | Ard (4) | An-Ard (5) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Am Aisghabhála** | Nóiméad | Uair | Lá | Seachtain | Mí |
| **Fad an Tionchair** | Nóiméad | Uair | Lá | Seachtain | Mí |
| **Buaic Thionchair Theagmhais nó Pointe Criticiúil Scála** | Laistigh de Mhí | Laistigh de 4 Seachtaine | Laistigh de 7 Lá | Laistigh de 24 Uair an Chloig | Láithreach |

37. **Tionchar Ambhainteach:** Tá trí thoisc sa chatagóir thionchair seo atá le breithniú (Tábla 5);

- Am Aisghabhála: Déanann an toisc chainníochtúil seo an t-am a thomhas a theastaíonn chun athshlánú i ndiaidh teagmhais go dtí go ndéantar an tseirbhís a aischur go dtí leibhéil réamhtheagmhais.
- Fad an Tionchair: Ní hionann an toisc thionchair seo agus an tAm Athshlánaithe. Cé gur féidir le roinnt seirbhísí athshlánú agus feidhm iomlán a bhaint amach ag pointe áirithe, d'fhéadfadh éifeachtaí fadtéarmacha teagmhais tionchar a imirt go fóill ar an mbonneagar agus a thimpeallacht. Mar shampla, cailltear seirbhís ach athshlánaítear í i gcúig lá. D'eascair riaráistí, áfach, as a caillteanas a chuireann trí seachtaine sa bhreis san áireamh sula mbaineann an tseirbhís na noirm amach a bhí ann roimh an teagmhas. Ar an ábhar sin, tá Fad trí seachtaine agus cúig lá aige.

**CÉIM 5:** Scór Criticiúlachta a Ríomh: I ndiaidh scór a mheasúnú agus a shannadh ó 1 go 5 do gach Toisc Thionchair, is féidir Scór Criticiúlachta a ríomh mar seo a leanas:

a. A chinntiú go ndearnadh gach spleáchas a bhreithniú sa phróiseas measúnaithe sula mbogtar ar aghaidh chun ríomh deiridh a dhéanamh ar an Scór Criticiúlachta.

b. An scór tionchair is airde a roghnú ó gach catagóir Thionchair (Scóip, Tromchúise agus Ambhainteach). Ní theastaíonn ach an scór is airde amháin ó gach catagóir.

c. An scór is airde a iolrú ó gach ceann de na trí chatagóir Thionchair (i.e. Scóip X Tromchúise X Ambhainteach). Is féidir leis an Scór Criticiúlachta a ríomhtar a bheith idir 1 agus 125. Féach Iarscríbhinn C.


d. Breac an Scór Criticiúlachta ar an leibhéal cuí i dTábla 6 lena dheimhniú leibhéal Criticiúlachta foriomlán an bhonneagair.

- Buaic thionchair: Is í an toisc thionchair seo an pointe ama ina bhfuil an teagmhas ina chúis leis an éifeacht is tromchúisí. Mar shampla,

cailltear seirbhís an Luan, áfach, mar gheall ar chúlchistí, etc., ní thugtar buaic thionchair chailleadh na seirbhíse seo go dtí Déardaoin.

38. Leagtar ‘tairseach chriticiúil’ ar an scála agus is é an leibhéal sin a meastar a bhfuil tionchar an chaillteanais chomh trom gur cheart a mheas gurb ionann na leibhéil seo teacht faoi chuimsiú na leibhéal seo agus PB. Sa chás seo, leagtar an bhonntairseach os cionn Leibhéal 2 faoi mar a léirítear ar an bPirimid Bhonneagair Náisiúnta i dTábla 6 thíos, i dteannta an PBN do roinnt PB sin a thagann faoi chuimsiú Leibhéal 5.

**Tábla 6: Scála Criticiúlachta**

| Leibhéal | Cur Síos | Pirimid Bhonneagair Náisiúnta |
|---|---|---|
| **5** | Bonneagar atá i gceist leis seo a n-imreodh a chaillteanas tionchar an-ard ar an Stát. Bainfidh tábhacht náisiúnta leis na sócmhainní seo a mbeadh éifeachtaí suntasacha náisiúnta ag a gcaillteanas agus a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar roinnt earnálacha. Níl súil leis go sásóidh ach roinnt bheag critéir Leibhéal 5, ar a dtugtar PBN. (Scór Criticiúlachta >80) |   |
| **4** | Ba cheart do bhonneagar lena mbaineann ardtábhacht i dtaobh na n-earnálacha teacht faoi chuimsiú na catagóire seo. Bheadh ardtionchar i gceist le tionchar chailleadh na sócmhainní seo ar sheirbhísí bunriachtanacha agus d’fhéadfadh sé tionchar a imirt ar sheirbhísí bunriachtanacha a sholáthar ar fud na hÉireann. (Scór Criticiúlachta >50) | |
| **3** | Bonneagar lena mbaineann tábhacht i dtaobh na n-earnálacha, agus seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar, a n-imreodh a chailleadh tionchar measartha. (Scór Criticiúlachta >36) | |
| **2** | Bonneagar a n-imreodh a chailleadh tionchar íseal ar sheirbhísí bunriachtanacha a sholáthar. (Scór Criticiúlachta >27) | |

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Bonneagar a gcuirfeadh a chailleadh isteach go han-íseal ar sholáthar seirbhíse, is dóchúla ar bhonn áitiúil. (Scór Criticiúlachta <27) | |


# CUID A TRÍ

## Athléimneacht

39. Cuirtear dea-chleachtas agus/nó comhairle ar fáil sa chuid seo den Cháipéis Treoirlíne lena chur ar chumas Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus úinéirí agus/nó oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha feabhas leanúnach a chur ar a n-athléimneacht i dtaobh aon chuir isteach ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil don tsochaí laistigh den Stát. Má cheaptar go bhfuil an tseirbhís a chuireann PB ar fail laistigh d'Éirinn bunriachtanach do shochaí na hÉireann, baineann ríthábhacht le hathléimneacht an PB sin.

40. Is ionann athléimneacht agus an cumas chun measúnú riosca a dhéanamh ar, maolú a dhéanamh ar, ullmhú do, glacadh le/oiriúnú do, agus teacht as suaitheadh suaiteach. Próiseas atá i gceist le hathléimneacht a thógáil a mhéid céanna a bhfuil sraith torthaí i gceist leis. Caithfidh saintréithe córas athléimneach a bheith sa phróiseas ina ndéantar athléimneacht féin a thógáil (Fíor 2).

- **Athmhachnamhach:** Eispéiris roimhe seo a úsáid chun eolas a sholáthar do chinntí amach anseo.
- **Seiftiúil:** Bealaí malartacha a aithint chun acmhainní a úsáid.
- **Daingean:** Córais dhea-cheaptha, dhea-thógtha agus dhea-bhainistithe.
- **Iomarcaíoch:** Acmhainneacht bhreise a cruthaíodh chun freastal ar chur isteach.
- **Cuimsitheach:** Tús áite a thabhairt do chomhairliúchán fairsing chun braistint de chomhúinéireacht a chruthú i gcinnteoireacht.
- **Comhtháite:** Réimse córais agus institiúidí ar leith ar thabhairt le chéile.
- **Solúbtha:** Toilteanas agus cumas chun glacadh le moltaí malartacha mar fhreagairt do chúinsí athraitheacha.




Fíor 2. Saintréithe Córas Athléimneach

| | |
|---|---|
| Flexible | Solúbtha |
| Integrated | Comhtháite |
| Inclusive | Cuimsitheach |
| Redundant | Iomarcach |
| Robust | Daingean |
| Resourceful | Seiftiúil |
| Reflective | Athmhachnamhach |

41. Baintear athléimneacht amach trí mheascán de ghníomhaíochtaí nó comhábhair; léirítear na ceithre phríomh-chomhábhar i bhFíor 3 thíos.

- **Friotaíocht:** Baineann seo le cosaint dhíreach fhisiciúil, e.g.. ballaí dóiteáin, cosaint ó thuile etc.
- **Iontaofacht:** Acmhainneacht bhonneagair chun seirbhísí a chothabháil faoi réimse coinníollacha, e.g. is féidir le sócmhainn leanúint ag oibriú i bhfíor-theochtaí.
- **Iomarcaíocht**: inoiriúnaitheacht bhonneagair chun seirbhísí a chothabháil (sócmhainn, líonra nó córas), e.g. ionaid

sonraí a chúltacú, stóráil mhalartach nó acmhainneacht bhreise.

- **Freagairt agus Athshlánú:** Cumas eagraíochta chun freagairt ar agus teacht as suaitheadh suaiteach.

42. Is éagsúil d'oiriúnacht agus cost-éifeachtúlacht gach gné i measc na naoi n-earnáil de Phríomhbhonneagar (Tábla 2) mar gheall ar na cúinsí éagsúla atá i gceist. Is féidir gach ceann de na ceithre chomhábhar thuas a úsáid agus a oiriúnú ar leibhéil éagsúla uile an bhonneagair.

Cuirtear athléimneacht bhonneagair ar fáil tríd an méid seo a leanas:

- **Dea-dhearadh** an bhonneagair fhisiciúil agus na gcóras gaolmhar lena chinntiú go bhfuil an fhriotaíocht, iontaofacht agus iomarcaíocht riachtanach aige.
- **Athléimneacht mhaith eagraíochtúil a bhunú** chun an cumas, acmhainneacht agus acmhainní a sholáthar chun freagairt ar agus teacht as suaitheadh suaiteach.





Fíor 3. Comhábhair Athléimneacht Bhonneagair

| IONTAOFACHT | FRIOTAÍOCHT |
|---|---|
| ATHLÉIMNEACHT | |
| IOMARCAÍOCHT | FREAGAIRT AGUS TÉARNAMH |

## Bearta chun Athléimneacht Bhonneagair Criticiúil a Fheabhsú

43. Ba cheart do gach duine atá freagrach as PB laistigh den Stát breithniú a dhéanamh ar na bearta seo a leanas. Níl na bearta seo comheisiach agus d'fhéadfadh go mbeidís ar aon dul lena chéile nó cur lena chéile. Déantar breithniú ar na bearta seo i rith gach céime de Chur Chuige na gCóras Cúig Chéim i leith Bainistíocht Éigeandála ar Anailís, Maolú, Pleanáil agus Ullmhacht, Freagairt agus Athshlánú Guaise. Tugtar samplaí thíos de

bhearta chun feabhas a chur ar athléimneacht agus ba cheart do gach earnáil breithniú a dhéanamh orthu seo i gcomhthéacs a PB féin.




Fíor 4. Bearta chun Athléimneacht a Fheabhsú

| | |
|---|---|
| **Risk Management** | **Bainistíocht Riosca** |
| **Business Continuity Planning** | **Pleanáil Leanúnachais Gnó** |
| **Information Sharing** | **Faisnéis a Roinnt** |
| **Partnership** | **Comhpháirtíocht** |
| **Investment** | **Infheistíocht** |
| **Security** | **Slándáil** |
| **Dependency, Interdependency** | **Spleáchas, Idirspleáchas** |

## Bainistíocht Riosca

44. Is ionann Bainistíocht Riosca agus an próiseas ina ndéantar riosca a shainaithint, a mheasúnú, a mheas agus a láimhseáil. Déanann sé riosca a mhonatóiriú, a athbhreithniú, a thaifeadadh, a thuairisciú agus a chur in iúl[13]. Cinntíonn sé go ndéantar gníomhartha in athléimneacht i measc an réimse roghanna agus go mbíonn roghanna i gcomhréir leis na rioscaí. Tá bainistíocht riosca éifeachtach ar an bpríomhrud a éascaíonn agus a thógann athléimneacht, go háirithe nuair a chuirtear chun cinn é ar an leibhéal cuí bainistíochta chun cultúr a chruthú ina bhfuil athléimneacht agus bainistíocht leanúnachais gnó leabaithe in oibríochtaí. Cruthaíonn seo athléimneacht eagraíochta – cumas eagraíochta chun súil a bheith acu le héiginnteachtaí agus cur isteach ar na hoibríochtaí gnó agus iad a phleanáil agus freagairt orthu. Ba cheart riosca a shainaithint agus a bhainistiú ar bhealach comhordaithe agus cuimsitheach ar fud an phobail PB lena chur ar chumas acmhainní slándála agus athléimneachta a leithdháileadh go héifeachtach. Teastaíonn faisnéis a roinnt agus úsáid níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní a chur chun cinn ó riosca a chomhbhainistiú. Cumasaíonn sé bearta níos cuimsithí a fhorbairt agus a fhorghníomhú chun cosaint ó bhagairtí, cur isteach ar bhagairtí/bagairtí a laghdú agus ullmhú do bhagairtí, leochaileacht a mhaolú, agus iarmhairtí caillteanas seirbhísí a mbíonn an tsochaí thíos leo a laghdú. Le cur chuige cuimsitheach a chinntiú i leith bainistíocht riosca, ba cheart don phobal PB breithniú a dhéanamh ar straitéisí maolaithe bainistíochta riosca, chomh maith le bealaí eile chun dul i ngleic le riosca, glacadh, seachaint nó aistriú an riosca sin ina measc.

45. **Measúnú Riosca:** Caithfear tabhairt faoi mheasúnú mionsonraithe riosca lena shainaithint an áit ar cheart an bhéim a bheith ar bhearta athléimneacha. Caithfidh foireann tabhairt faoi mheasúnú riosca atá inniúil sa limistéar seo lena chinntiú go dtugtar an próiseas seo chun críche ar bhealach críochnúil agus cruinn. Caithfidh sé íomhá chuimsitheach a thabhairt do chinnteoirí eagraíochtaí. Próiseas atriallach is ea Measúnú Riosca agus, mar sin, sainaithneoidh sé deiseanna chun feabhas a chur ar athléimneacht PB.

46. **Plean Bainistíochta Riosca:** Ba cheart Pleananna Bainistíochta Riosca a ullmhú agus a choimeád ag Úinéirí/Oibreoirí PB. Ba cheart go gcuimseofaí iontu seo, ar a laghad, sainaithint aghaidh measúnú rioscaí a bhíonn i gceist, gníomhaíochtaí nó gníomhartha pleanáilte reatha chun bainistíocht a dhéanamh ar gach ceann de na

[13] ISO 31000 Bainistíocht Riosca – Prionsabail agus Treoirlínte agus ISO 31010 Bainistíocht Riosca – Teicnící Measúnaithe Riosca

rioscaí agus na socruithe, próisis agus nósanna imeachta a chuireann na gníomhartha nó gníomhaíochtaí seo i bhfeidhm.

47. **Foireann Bhainistíochta Príomhbhonneagair:** Ba cheart do gach OSB breithniú a dhéanamh ar Fhoireann Bhainistíochta Príomhbhonneagair chun gach gné agus comhábhar dá PB a chothabháil agus a bhainistiú. ba cheart don oibreoir bonneagair clár rioscaí a fhorbairt agus a bhainistiú, lena n-áirítear leochaileacht agus bagairtí ar gach ceann dá chomhábhair, ar nós an mhéid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó; acmhainní foirne, cumhacht/fuinneamh, struchtúr fisiciúil, iompar, slándáil, slándáil faisnéise, cibearshlándáil, spleáchas agus idirspleáchas. Ba cheart d'Fhoirne Bainistíochta Príomhbhonneagair breithniú a dhéanamh ní hamháin ar chostais agus stádas an PB féin ach ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh PB a chruthú don tsochaí, chomh maith. Trí na rioscaí a léarscáiliú, is féidir cinntí a dhéanamh maidir le cén bearta ba cheart a dhéanamh bunaithe ar chothromaíocht feidhmíochta, riosca agus chostais.

## Pleanáil

48. Cruthóidh próisis phleanála chun imeachtaí éagsúla a bhainistiú, idir teagmhais ag géarchéimeanna, na coinníollacha a cheadófar bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar imeacht. Ceadaíonn an fhoghlaim a rinneadh agus na córais a cuireadh i bhfeidhm do PB agus seirbhísí a chuirtear ar fáil don tsochaí a choimeád nó a athshlánú go tapa.

49. Fad a dhéantar PB a thógáil, a athnuachan nó a fhairsingiú, ba cheart dóibh siúd atá bainteach le cinntí dearaidh a dhéanamh, iad siúd ina measc a bhaineann le córas rialaithe, breithniú a dhéanamh ar na bealaí is éifeachtaí agus éifeachtúla chun bagairtí agus guaiseacha a shainaithint, a stopadh, a bhrath, cur isteach orthu agus ullmhú dóibh agus leochaileacht a mhaolú agus iarmhairtí a íoslaghdú.

50. **Ullmhacht:** Cinnteofar athléimneacht laistigh de PB trí fheasacht a mhúscailt ar bhagairtí agus guaiseacha féideartha i measc na foirne PB, tacair sainscileanna na foirne a chinntiú agus cultúr d'fheasacht ar chultúr a chothú i measc na foirne.

## Slándáil

51. **Bearta coisctheacha:** Is éard atá i gceist le bearta coisctheacha ná sraith rialuithe a chuirtear i bhfeidhm chun aon díobháil, cur isteach disruption nó milleadh a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil i ngeall ar aon ghéarchéim nó éigeandáil fhéideartha a sheachaint. Cabhraíonn siad leis an riosca roimh PB a laghdú, cosaint oibríochtúil a bhaint amach agus is féidir leo líon/déine teagmhais éigeandála a laghdú. Úsáidtear pleananna/bearta a chuirtear i bhfeidhm sna céimeanna de Bhainistíocht Éigeandála: Anailís, Maolú agus Pleanáil agus Ullmhacht do Ghuais chun an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas arís a laghdú. Ba cheart go mbeadh bearta coisctheacha atá dírithe ar an riosca faoi réir anailís costais is tairbhe. Déantar seo tríd an gcaiteachas féideartha a chur i gcomparáid leis na costais dhíreacha agus indíreacha a mbíonn an tsochaí thíos leo i ndiaidh

suaitheadh suaiteach nó fíor-theagmhais. Roghnaítear bearta cuí coisctheacha nuair a chuirtear toradh anailíse riosca agus torthaí anailíse costais is tairbhe i dteannta a chéile.

52. **Bearta Slándála:** Is féidir bearta slándála a shainmhíniú mar bhearta chun cosc a chur ar aon teagmhais d'aon turas agus de thimpiste a d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí bunriachtanacha nó iad a mhilleadh. Ba cheart go gcumhdódh bearta slándála na sócmhainní atá bunriachtanach do sholáthar seirbhíse, e.g. daonna (foireann agus saineolas etc.), fisiciúil (láithreáin, installations, trealamh etc.) nó loighciúil (líonraí faisnéise, córais etc.). Áirítear le slándáil acmhainní foirne, chomh maith, saineolas agus eolas a scaipeadh lena chinntiú nach mbíonn seirbhísí ag brath ar líon beag daoine. Ba cheart cosaint dhíreach agus dhaingean fhisiciúil a úsáid, sa chás gur cuí, chun cosaint in aghaidh rioscaí a bhfuiltear ar an eolas orthu/a bhfuiltear amhrasach fúthu. Áirítear le slándáil dhaingean córais dhea-cheaptha, dhea-thógtha agus dhea-bhainistithe. Nuair a chuirtear an brath atá againn i láthair na linne seo ar líonraí agus córais faisnéise, caithfear breithniú speisialta a dhéanamh ar shlándáil faisnéise agus cibearshlándáil. Caithfidh gach OSB scrúdú a dhéanamh ar bhearta slándála atá oiriúnach da limistéar ar leith.

## Pleanáil Leanúnachais Gnó

53. Is féidir Pleanáil Leanúnachais Gnó (PLG) a shainmhíniú mar an próiseas ina ndéanann eagraíochtaí de mhéid ar bith pleananna agus nósanna imeachta a dhearadh lena chinntiú go ndéantar a bhfeidhmeanna criticiúla a choimeád i rith éigeandálaí agus go ndéantar iad a aischur ar leibhéil inghlactha i ndiaidh teagmhais.

54. Caithfidh plean leanúnachais gnó a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar i gcás teagmhais nó géarchéime. Éascaíonn sé iontaofacht an bhonneagair agus cumas an bhonneagair sin chun oibríochtaí a choimeád ar siúl faoi réimse coinníollacha. Cinntíonn sé go gcuirtear pleananna i bhfeidhm chun freagairt do réimse cur isteach ar an tseirbhís a sholáthraítear atá chomh forleathan agus is féidir, agus is féidir ceadaíonn sé an tseirbhís a aischur i dtaobh cumas iomlán oibríochtúil a thapúla agus is féidir.

55. Ba cheart do PLG a chinntiú go gcuimsítear iomarcaíocht sna sócmhainní bunriachtanacha (daonna, fisiciúil agus loighciúil) laistigh de bhonneagar. Cabhraíonn inoiriúnaitheacht PB le freagairt agus athshlánú níos tapúla ó shuaitheadh suaiteach.

56. Ba cheart do gach úinéir/oibreoir PB a PLG féin a fhorbairt ag a bhfuil gníomhartha soiléire agus sainithe a thitfidh amach i gcás suaitheadh suaiteach. Ba cheart go n-áireofaí leis an PLG plean tosaíochta ina sainaithnítear na codanna, na gnéithe agus na hearnálacha etc. is gá a athnuachan ar dtús.

57. **Meabhrán Tuisceana riachtanach a bhunú:** D'fhéadfadh meabhrán tuisceana a bhunú le soláthraithe seirbhíse eile cabhrú le seirbhísí bunriachtanacha a athnuachan go dtí go mbaineann PB cumas iomlán oibríochtúil amach. Bíonn comhaontuithe ag roinnt PBanna chun cabhrú leis an iarracht athnuachana agus cuirtear

seirbhísí ar siúl arís níos tapúla nó cuireann siad seirbhís ar siúl fad a bhíonn an PB bunúil á dheisiú.

58. **Rialuithe Daingne:** Tá roinnt PBanna faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag aonáin earnála príobháidí. Ar an ábhar sin, tá ar údaráis Stáit conarthaí daingne a bheith i bhfeidhm acu le feidhmiúlacht agus soláthar acmhainneacht seirbhíse a chinntiú nuair a bhuailtear sinn le géarchéimeanna. Cinntíonn iad seo leanúnachas nó athshlánú tapa na seirbhíse don daonra.

59. **Oiliúint agus Cleachtaí:** Caithfidh úinéirí/oibreoirí a chinntiú go mbíonn pleananna i bhfeidhm chun éigeandálaí a bhainistiú agus chun seirbhís a aischur do chustaiméirí. Ba cheart go mbeadh an fhoireann go léir oilte agus cleachta go cuí ina róil éagsúla laistigh de chéimeanna freagartha agus athshlánaithe teagmhais. Caithfear tástáil a dhéanamh ar na pleananna seo lena n-éifeachtacht a chinntiú. Ba cheart d'Úinéirí/Oibreoirí cleachtaí a fhorbairt, a dhéanamh agus a mheasúnú chun a n-acmhainneacht phleanála, ullmhachta, choisc, freagartha nó athshlánaithe a thástáil maidir le héigeandáil.

60. Tá ról ag Ranna Rialtais chun cleachtaí a chomhordú i limistéir faoina sainchúram, a chuireann ardán ar fáil do chomhoibriú idirghníomhaireachta idir comhlachtaí Stáit agus úinéirí/oibreoirí earnála príobháidí.

61. **Ceachtanna a Foghlaimíodh:** Caithfidh úinéirí/oibreoirí a bheith athmhachnamhach agus iar-eispéiris a úsáid chun eolas a chur ar fáil do chinntí amach anseo. Ní bhaintear PB athléimneach amach ach trí chomhiarrachtaí roinnt mhaith comhpháirtithe atá bunaithe ar fhoghlaim leanúnach agus oiriúnú do thimpeallachtaí athraitheacha.

Is fearr is féidir leis an bpobal PB na deiseanna a thapú chun foghlaim agus oiriúnú a dhéanamh i rith agus i ndiaidh cleachtaí agus teagmhas trí dhearadh comhoibritheach cleachtaidh, ceachtanna comhordaithe a foghlaimíodh, próisis ghnímh cheartaithigh agus dea-chleachtas a roinnt níos éifeachtaí. Cuirfear feabhas ar shlándáil agus iarrachtaí athléimneachta amach anseo trí cheachtanna a fhoghlaim agus gníomhartha ceartaitheacha ó chleachtaí agus teagmhais agus iad a chorprú go mear isteach i gcláir oiliúna agus oideachais ar chúnamh teicniúil.

## Infheistíocht

62. Is féidir le hInfheistíochtaí Luath in athléimneacht coigilteas a sholáthar amach anseo. Ba cheart aon infheistíocht a dheimhniú i ndiaidh anailís riosca agus anailís ar chost-éifeachtúlacht a dhéanamh.

63. **Athléimneacht a Chur leis:** Ba cheart tabhairt faoi anailís costais is tairbhe atá dírithe ar aon riosca a shainaithnítear a mhaolú agus, sa chás gur cuí, ba cheart infheistíocht a dhéanamh chun daingne a chur le PB.

64. **Atógáil Níos Fearr:** Ba cheart go mbeadh sé ina uaillmhian ag gach úinéir/oibreoir deis a úsáid, laistigh de shrianta airgeadais, chun PB a athsholáthar nó a fhairsingiú le teicneolaíochtaí nua/daingne a bhfuil athléimneacht níos mó acu i

dtaobh bagairtí a bhfuil coinne leo. Cuireann siad seo ar chumas PB ardleibhéal de thionchar a sheasamh amach anseo.

65. **Atógáil:** Ba cheart go mbeadh pleananna oiriúnacha i bhfeidhm chun athnuachan shealadach bonneagar a mhaoiniú sa fhreagairt láithreach ar éigeandála agus PB a atógáil chun an leibhéal seirbhíse a soláthraíodh roimh an teagmhas a aischur ar fáil nó ag athsholáthar nó leibhéal seirbhíse níos fearr a chur ar fáil.

## Spleáchas agus Idirspleáchas

66. Baineann bunriachtanas le rioscaí a thuiscint agus dul i ngleic leo i measc spleáchas agus idirspleáchas earnála chun barr feabhais a chur ar shlándáil agus athléimneacht PB. Braitheann gach earnáil PB ar fheidhmeanna a sholáthraíonn fuinneamh, cumarsáid agus iompar i measc rudaí eile. Is tábhachtach don phobal PB spleáchas agus idirspleáchas a thuiscint agus a chur i gcuntas go

Nuair a theastaíonn tacaíocht ó Shócmhainn A ó Shócmhainn B, tugtar Spleáchas air seo.

Nuair a theastaíonn tacaíocht ó Shócmhainn A agus ó Shócmhainn B óna chéile, tugtar Idirspleáchas air seo.

cuí nuair a bhíonn riosca á bhainistiú.

Fíor 5. Míniú ar Spleáchas agus Idirspleáchas

## Comhpháirtíocht

67. Baineann tábhacht le comhpháirtíocht idir an Rialtas agus úinéirí agus oibreoirí aonair PB, a gcuireann gach duine díobh comhoibriú agus faisnéis a roinnt agus bainistíocht riosca chun cinn, agus caithfear é a spreagadh leis na leibhéil is airde d'athléimneacht a chinntiú. Ina theannta sin, éascaíonn comhpháirtíocht idir an Rialtas agus úinéirí agus oibreoirí aonair PB, chomh maith, a dhéanann caipitliú ar chomhghéire intinne agus chomhchruthaitheacht réitigh faidhbe an phobail PB, trí dhul chun cinn a ghiaráil i sonraí agus taighde atá ag teacht chun cinn, chun dul i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn.

68. **Cur Chuige Comhpháirtíochta:** Tá baint lárnach ag cur chuige comhpháirtíochta maidir le APB a chothabháil. Braitheann comhpháirtíocht a fheidhmíonn go maith ar shraith tréithe, iontaoibh; cuspóir sainithe dá gníomhaíochtaí; spriocanna a chuirtear in iúl go soiléir; dul chun cinn agus torthaí intomhaiste chun gníomhaíochtaí comhroinnte a threorú; an bhaint a bhíonn ag ceannaireacht; cumarsáid shoiléir agus mhinic; agus solúbthacht agus inoiriúnaitheacht ina measc. Agus luach na bpeirspictíochtaí éagsúla á aithint, cabhraíonn sé leis an gcomhpháirtíocht na dúshláin agus na réitigh a bhaineann le hathléimneacht PB a thuiscint níos sainiúla. Cruthaíonn gach leibhéal den Rialtas agus na hearnálacha príobháideacha agus neamhbhrabúsacha saineolas, cumas agus croí-inniúlachtaí uathúla don iarracht náisiúnta.

69. **Comhoibriú trasna teorainneacha:** Baineann Éire tairbhe ó, agus braitheann sí ar, líonra domhanda bonneagair (e.g. ola a dháileadh, córais iompair d'easpórtálacha etc.). Is amhlaidh a bhíonn seo i gceist níos minice mar gheall go mbraitheann seirbhísí a chuireann príomhbhonneagar ar fáil ar fhaisnéis a bailíodh, a


stóráladh agus a próiseáladh i láithreacha a dhéanann ard-dáileadh. Tá sé ina ríthábhacht go n-oibríonn an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus comhpháirtithe idirnáisiúnta poiblí agus príobháideacha le chéile. Áirítear leis seo comhoibriú chun tuiscint iomlán a fháil ar leochaileacht an tslabhra soláthair agus bearta comhordaithe slándála agus athléimneachta domhanda a chur i bhfeidhm, seachas iad siúd a théann in iomaíocht lena chéile.

70. **Comhpháirtíochtaí réigiúnacha nó earnála:** Baineann ríthábhacht leo seo chun peirspictíochtaí comhroinnte a fhorbairt faoi bhearnaí agus gníomhartha chun feabhas a chur ar bhonneagar agus athléimneacht. D'fhéadfaí an an pheirspictíocht chomhroinnte céanna a chur san áireamh i gcomhpháirtíochtaí earnála nuair a bhíonn feidhm choiteanna seirbhíse ag roinnt eagraíochtaí.

## Faisnéis a Roinnt

71. Déanann páirtithe leasmhara ar fud an phobail PB faisnéis éagsúil a shealbhú agus a tháirgeadh atá áisiúil chun barr feabhais a chur ar athléimneacht bhonneagair chriticiúil. Baineann ríthábhacht le roinnt agus comhphleanáil, bunaithe ar an bhfaisnéis seo chun dul i ngleic go cuimsitheach le hathléimneacht PB i dtimpeallacht atá ag teacht chun cinn i gcónaí. Sula dtarlóidh sin, ba cheart go mbeadh cosaintí cuí dlíthiúla, caidreamh iontaofa, teicneolaíochtaí cumasaithe agus próisis chomhsheasmhacha i bhfeidhm.

## IARSCRÍBHINN A – SAMPLA DE SHAMHAIL SPLEÁCHAIS




| | |
|---|---|
| **BONNEAGAR SPLEÁCH (LEIBHÉAL AMHÁIN ANÍOS)** | **UISCE** |
| **BONNEAGAR SCRÚDAITHE** | **CUMHACHT LEICTREACH** |
| **BONNEAGAR RIACHTANACH (LEIBHÉAL AMHÁIN ANUAS)** | **OLA** |


**CUMHACHT LEICTREACH** atá sa Bhonneagar Scrúdaithe.

Teastaíonn **OLA** ó **CHUMHACHT LEICTREACH** chun cumhacht a tháirgeadh. Ar an ábhar sin, is é an soláthar **OLA** "an Bonneagar Riachtanach" (leibhéal amháin anuas) ón mBonneagar Scrúdaithe.

Táirgeann **CUMHACHT LEICTREACH** cumhacht chun **UISCE** a tháirgeadh agus, ar an ábhar sin, "Bonneagar Spleách" é **UISCE** (leibhéal amháin aníos) ón mBonneagar Scrúdaithe.

Nuair a bhreithnítear an tionchar a imríonn **CUMHACHT LEICTREACH** a chailleadh, caithfidh tú breithniú a dhéanamh, chomh maith, ar thionchar chaillteanas **UISCE.**

## IARSCRÍBHINN B – SAMPLAÍ DE SPLEÁCHAS AGUS IDIRSPLEÁCHAS BONNEAGAIR




| OIL | OLA |
|---|---|
| Fuels, Lubricants | Breoslaí, bealaí |
| TRANSPORT | IOMPAR |
| Fuel Transport, Shipping | Breosla a Iompar, Loingseoireacht |
| Power for Signaling and Switches | Cumhacht do Chomharthaíocht agus Lasca |
| Shipping | Loingseoireacht |
| Power for Pumps, Control Systems | Cumhacht do Chaidéil, Córais Rialaithe |

| | |
|---|---|
| **Power for Pumping Stations, Control Systems** | **Cumhacht do Stáisiúin Chaidéalaithe, Córais Rialaithe** |
| **Water for cooling Emissions** | **Uisce chun Astaíochtaí a fhuarú** |
| **SCADA, Communications** | **SCADA, Cumarsáid** |
| **WATER** | **UISCE** |
| **Water for Cooling** | **Uisce le haghaidh Fuarú** |
| **TELECOM** | **TEILEACHUM.** |
| **Power for Switches** | **Cumhachta do Lasca** |
| **ELECTRIC POWER** | **CUMHACHT LEICTREACH** |
| **Power for Compressors, Control Systems** | **Cumhacht do Chomhbhrúiteoirí, Córais Rialaithe** |
| **Fuel for Generators** | **Breoslaí do Ghineadóirí** |
| **Heat** | **Teas** |
| **NATURAL GAS** | **GÁS NÁDÚRTHA** |
| **Production, cooling emissions** | **Táirgeadh, astaíochtaí a fhuarú** |

Tá an léaráid seo hipitéiseach agus léirítear inti castacht an spleáchais agus an idirspleáchais i measc bonneagar. Tugtar chun solais ann an gaol idir príomhbhonneagair i limistéir ar nós loingseoireachta, soláthar breosla agus SCADA[14]

[14] Ríomhchóras is ea Rialú Maoirseachta agus Fáil Sonraí is ea SCADA chun sonraí fíor-ama a bhailiú agus a anailísiú. Úsáidtear na córais seo chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghléasra nó trealamh tionsclaíoch.

## IARSCRÍBHINN C - SCÓR CRITICIÚLACHTA - SAMPLA

**Déantar píosa hipitéiseach Bonneagair a mheasúnú trí na trí scála: Scála Scóipe**

| Toisc Thionchair | An-Íseal (1) | Íseal (2) | Measartha (3) | Ard (4) | An-Ard (5) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Daoine a ndearnadh Difear Dóibh** | <75,000 | >75,000 | >150,000 | >225,000 | >350,000 |
| **Dlús Daoine** | <10 nduine/km2 | >10 nduine/km2 | >50 duine/km2 | >250 duine/km2 | >1,250 duine/km2 |
| **Réimse** | An Tuath | Uirbeach/Baile | Contae | Réigiúnach | Náisiúnta |

**Scála Tromchúise**

| Toisc Thionchair | An-Íseal (1) | Íseal (2) | Measartha (3) | Ard (4) | An-Ard (5) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionchar Poiblí: an méid seo a leanas ina measc Caillteanas saoil........** | Básanna níos lú ná 1 i measc 250,000 duine......... | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 250,000 duine .......... | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 100,000 duine .......... | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 40,000 duine .......... | Básanna níos mó ná 1 dhuine i measc 20,000 duine mar gheall ar ....... |
| **Tionchar Geilleagrach: caillteanas geilleagrach** | A mhéid le 1% den Bhuiséad Bliantúil | Níos mó ná 1% ...... | Níos mó ná 2% den BB ...... | Níos mó ná 4% den BB ...... | Níos mó ná 8% den BB ...... |
| **Tionchar Comhshaoil........** | Simplí....... | Simplí, réigiúnach....... | Éilliú trom ... | Éilliú trom ... | Éilliú an-trom, |
| **Idirspleáchas, is é sin, ..........** | Tionchar an-íseal..... | Tionchar an-íseal ar bhonneagair... | Tionchar measartha..... | Tionchar ard ar bhonneagair... | Tionchar an-ard....... |
| **Tionchar Polaitiúil:** | Riosca an-íseal tugtha faoi deara... | Riosca íseal tugtha faoi deara... | Riosca measartha tugtha faoi deara... | Ardriosca náisiúnta tugtha faoi deara ...... | Ardriosca agus easpa cumais chun.... |
| **Tionchar Síceolaíoch,** | Cur isteach teoranta... | An tsochaí ag feidhmiú....... | An tsochaí ag feidhmiú....... | An tsochaí gan ach ag feidhmiú go páirteach......... | An tsochaí gan bheith in ann feidhmiú.... |
| **Caidreamh Idirnáisiúnta** | Tionchar an-íseal ar | Tionchar íseal ar chaid. idirnáisiúnta | Tionchar measartha ar | Ardtionchar ar chaid. idirnáisiúnta | Tionchar an-ard ar chaid. idirnáisiúnta |
| **Seirbhísí Bunriachtanacha (Oibreoirí ......** | Cur isteach an-íseal ar.... | Cur isteach íseal ar.... | Cur isteach measartha ar.... | Cur isteach ard ar sholáthar......... | Caillteanas soláthar seirbhísí poiblí/príobháideacha ...... |
| **Slándáil.......** | Cur isteach an-íseal.... | Cur isteach íseal ar......... | Cur isteach measartha ar......... | Cur isteach ard ar éifeachtacht oibríochtúil........ | Éifeachtacht oibríochtúil a chailleadh......... |

**Scála Ambhainteach**

| Toisc Thionchair | An-Íseal (1) | Íseal (2) | Measartha (3) | Ard (4) | An-Ard (5) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Am Aisghabhála** | Nóiméad | Uair | Lá | Seachtain | Mí |
| **Fad an Tionchair** | Nóiméad | Uair | Lá | Seachtain | Mí |
| **Buaic Thionchair** | Laistigh de Mhí | Laistigh de 4 Seachtaine | Laistigh de 7 Lá | Laistigh de 24 Uair an Chloig | Láithreach |

Glactar an scór is airde ó gach scála. Fiú cé go bhfuil dhá scór de cheithre cinn ann sa Scála Tromchúise, ní ghlactar ach ceann amháin. Chun Ríomh an Scór Criticiúlachta a dheimhniú, iolraigh an scór is airde ó gach scála. Ansin leagtar an Scór Criticiúlachta ar an Scála Criticiúlachta (Tábla 6).

Scála Scóipe = 5 Scála Tromchúise = 4 Scála Ambhainteach = 4

5 X 4 X 4 = 80

Ar an ábhar sin, is é Scór Criticiúlachta an phíosa seo de bhonneagar hipitéiseach 80

## TÁBLA NA NACRAINMNEACHA

| Acrainm | Teideal | Acrainm | Teideal |
|---|---|---|---|
| PLG | Pleanáil Leanúnachais Gnó | CE | An Chomhairle Eorpach |
| PB | Príomhbhonneagar | PBE | Príomhbhonneagar Eorpach |
| PBC | Príomhbhonneagar a Chosaint | CECPB | An Clár Eorpach um Chosaint an Phríomhbhonneagair |
| APB | Athléimneacht Phríomhbhonneagair | GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| PBN | Príomhbhonneagar Náisiúnta | AE | An tAontas Eorpach |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | TFR | Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála |
| RGFN | An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| RCGAT | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | ISO | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |
| RGFCS | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | PRR | Príomh-Roinn Rialtais |
| RGET | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | BMÉ | An Creat um Bainistíocht Mór-Éigeandála |
| DFIN | An Roinn Airgeadais | SLF | Slándáil Líonra agus Faisnéise |
| RS | An Roinn Sláinte | MRN | Measúnú Riosca Náisiúnta |
| RTPRÁ | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | OSB | Oibreoirí Seirbhísí Bunriachtanacha |
| RDCC | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| RC | An Roinn Cosanta | CRM | An Cás Réasúnta is Measa |
| RT | Roinn an Taoisigh | SCADA | Rialú Maoirseachta Agus Fáil Sonraí |
| RITS | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | BÉS | Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach Struchtúir agus Creat Náisiúnta |

## LEABHARLIOSTA


Rialtas na hAstráile (2015) *Critical Infrastructure Resilience Strategy: Plan.* lch 1 - 11. Canberra: Commonwealth of Australia

Rialtas Cheanada (2014) *Action Plan for Critical Infrastructure (2014 - 2017)*. Arna fháil ó Public Safety Canada: https://www.publicsafety.gc.ca/cnt/rsrcs/pblctns/pln-crtcl-nfrstrctr-2014-17/index-en.aspx

Rialtas Cheanada (2018) *Enhancing Critical Infrastructure Resiliency*. Arna fháil ó Public Safety Canada: https://www.publicsafety.gc.ca/cnt/ntnl-scrt/crtcl-nfrstrctr/nhncng-rslnc-en.aspx

Rialtas Cheanada (2018) *National Strategy for Critical Infrastructure*. Arna fháil ó Public Safety Canada: https://www.publicsafety.gc.ca/cnt/rsrcs/pblctns/srtg-crtcl-nfrstrctr/index-en.aspx

Rialtas Cheanada (2018) *The Regional Resilience Assessment Program*. Arna fháil ó Public Safety Canada: https://www.publicsafety.gc.ca/cnt/ntnl-scrt/crtcl-nfrstrctr/crtcl-nfrstrtr-rrap-en.aspx

An Lárionad Staidéar Slándála, an Eilvéis (2008) *CRN Report: Critical Infrastructure Protection.* Zurich: An Lárionad Staidéar Slándála

Cathair Rotterdam (2016) Rotterdam Resilience Strategy: Ready for the 21st Century. Arna fháil ó http://100resilientcities.org/strategies/rotterdam/

Coppola, D. P. (2015) *Introduction to International Disaster Management.* Oxford: Butterworth-Heinemann.

An Roinn Cosanta (2017) Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach: Struchtúir agus Creat Náisiúnta. Baile Átha Cliath: An Oifig um Pleanáil Éigeandála.

An Coimisiún Eorpach (2006) *Cumarsáid ón gCoimisiún ar Chlár Eorpach um Príomhbhonneagar*. An Bhruiséil: Coimisiún na gComhphobal Eorpach.

An Coimisiún Eorpach (2013) *Cur Chuige Nua i dtaobh an Chláir Eorpaigh um PBC: PB Eorpach a dhéanamh níos sláine.* An Bhruiséil: Coimisiún na gComhphobal Eorpach.

An Coimisiún Eorpach (2017) *Eolaíocht do bhainistíocht Riosca Tubaiste 2017.* An Bhruiséil: Coimisiún na gComhphobal Eorpach.

An Oifig Chónaidhme um Chosaint Sshibhialta (FOCP) (2009) *The Federal Council's Basic Strategy for Critical Infrastructure Protection.* Bern: An Roinn Cosanta Cónaidhme, DDPS um Chosaint Shibhialta agus Spórt, an Eilvéis.

An Coimisiún Eorpach (2008) Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le príomhbhonneagair Eorpacha a Shainaithint agus a Shainiú agus an measúnú ar an ngá atá le feabhas a chur ar a gcosaint. (2008). *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, L 345, lch 75 - 82.

Izuakor, C agus White, R. (2016) Critical Infrastucture Asset Identification: Policy, Methodology and Gap Analysis., in Rice, M agus Shenoi S. (eagarthóirí) *Critical Infrastructure Protection X,* Arlington, VA: Springer, lch 27 - 41.

ISO (2009) *ISO 31000. Risk Management - Principles and Guidelines.* Arna fháil ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán: http://www.iso.org/iso/home/standards/iso31000.htm

ISO (2009) *IEC 31010:2009 Bainistíocht Riosca - Teicnící Measúnaithe Riosca.* Arna fháil ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán: http://www.iso.org/iso/home/standards/iso31000.htm

ISO (2012) *ISO 22301:2012 Slándáil Shochaíoch -- Córais bhainistíochta leanúnachais gnó -- Riachtanais.* Arna fháil ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán: https://www.iso.org/standard/50038.html

ISO (2018) *ISO 31000:2018 Bainistíocht Riosca - Prionsabail agus Treoirlínte.* Arna fháil ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán: http://www.iso.org/iso/home/standards/iso31000.htm

Rialtas na Nua-Shéalainne (2014) Critical 5: Forging a Common Understanding for Critical Infrastructure. Arna fháil ó Chisteán na Nua-Shéalainne:  https://treasury.govt.nz/sites/default/files/2017-12/crit5-narrative-v2.pdf

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (2013) Governing effective Prevention and Mitigation of Disruptive Shock. *Páipéar Saincheisteanna Beartas Bainistíochta Riosca.* Páras: OECD Publishing

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (2014) *Boosting Resilience through Innovative Risk Governance.* Páras: OECD Publishing doi:10.1787/9789264209114-en

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (2015) Policy Evaluation Framework on The Governance of Critical Infrastructure Resilience in Latin America. Páras: OECD Publishing.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) - JRC (2018) 'Good Practice Framework for the governance of Critical Infrastructure Resilience'. 8ú Fóram Riosca Ardleibhéil an OECD, Páras, an 12- 14 Nollaig 2018.

Petit, F. D., Bassett G.W., Black, R., Buehring, W. A., Collins, M. J., Dickinson, D.C., Fisher, R.E., Haffenden, R.A., Huttenga, A.A., Klett, M.S., Phillips, J.A., Thomas, M., Veselka, S. N., Wallace, K.E., Whitfield, R.G., agus Peerenboom, J. P. (2013) Resilience Measurement Index: An Indicator of Critical Infrastructure Resilience. *Argonne National Laboratory*, pp. 7 - 21.

Pursiainen, C. (2018) 'Critical infrastructure resilience: A Nordic model in the making?', *International Journal of Disaster Risk Reduction,* Imleabhar 27/Márta,  lch 632-641. doi: 10.1016/j.ijdrr.2017.08.006

Rehak, S., Senovsky, P. agus Slivkova, S.(2018) Resilience of Critical Infrastructure Elements and Its Main Factors. *MDPI*, lch 1 - 11. doi: 10.3390/systems6020021

Setola, R, Luiijf, E. agus Theoharidou, M. (2016) Managing the Complexity of Critical Infrastructures, Studies in Systems, Decision and Control 90, lch 1 - 15. doi: 10.10007/978-3-319-51043-9_1

Gníomhaireacht Teagmhasachta Sibhialta na Sualainne (MSB) (2014) Plan for the Protection of Vital Societal Functions and Critical Infrastructure.  https://www.msb.se/en/Products/Publications/Publications-from-the-MSB/Action-Plan-for-the-Protection-of-Vital-Societal-Functions--Critical-Infrastructur

Theoharidou, M., Kotzanikolaou, P. agus Gritzalis, D. (2009) 'Risk-Based Criticality Analysis; Towards a Criticality Analysis Methodology: Redefining Risk Analysis for Critical Infrastructure Protection', in Palmer, C. agus

Shenoi, S. (eagarthóirí) An 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Príomhbhonneagar a Chosaint. SAM: Springer, lch 35-50.

An Ríocht Aontaithe. Oifig na Comh-Aireacht (2010) *Strategic Framework and Policy Statement on improving the Resilience of Critical Infrastructure to Disruption from Natural Hazards.* Londain: Oifig na Comh-Aireachta.

An Ríocht Aontaithe. Oifig na Comh-Aireachta (2011) *Keeping the Country Running: Natural Hazards and Infrastructure.* Londain: Oifig na Comh-Aireachta.

An Ríocht Aontaithe. Oifig na Comh-Aireachta (2014) A summary of the 2014 Sector Resilience Plans. Lúnasa 2014. Londain: Oifig na Comh-Aireachta.

Roinn Slándála Thír Dhúchais SAM (2013) National Infrastructure Protection Plan 2013: Partnering for Critical Infrastructure Security and Resilience. Arna fháil ó *https://www.dhs.gov/publication/nipp-2013-partnering-critical-infrastructure-security-and-resilience*

Stát Victoria (Bainistíocht Éigeandála Victoria) (2015) *Critical Infrastructure Resilience Strategy.* Melbourne: Rialtas Victoria.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal:** | **Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach Treoirlíne 3 – Athléimneacht Phríomhbhonneagair** | | |
| **Arna ullmhú ag:** | **An Oifig um Pleanáil Éigeandála (an OPÉ) agus Seirbhís Faisnéise an Rialtais (SFR)** | | |
| **Arna ghlacadh ag:** | **Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála** | | |
| **Leagan:** | **1.0** | **Dáta Faofa:** | **An 20 Feabhra 2019** |

An Roinn Cosanta
Department of Defence

**Arna fhaomhadh ag Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála – an 20 Feabhra 2019.**

| | |
|---|---|
| **An Oifig um Pleanáil Éigeandála**<br>**An tIonad Náisiúnta Comhordaithe**<br>**Éigeandálaí Áras Talmhaíochta (2 Thoir)**<br>**Sráid Chill Dara**<br>**Baile Átha Cliath 2**<br>**R-Phost: oep@defence.ie**<br>**Teileafón: 00353 1 237 3800**<br>**Láithreán Gréasáin: www.emergencyplanning.ie** | **Office of Emergency Planning**<br>**National Emergency Coordination Centre**<br>**Agriculture House**<br>**Kildare Street**<br>**Dublin 2**<br>**Email: oep@defence.ie**<br>**Telephone: 00353 1 237 3800**<br>**Web Site: www.emergencyplanning.ie** |

DFPP **Printed by Defence Forces Printing Press**